Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0258(COD)

5.6.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2028-2034 (clár ‘Pericles V’) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/840
(COM(2025)0462 – C10-0195/2025 – 2025/0258(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Michael McNamara

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá ann cheana a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá ann cheana agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2028-2034 (clár 'Pericles V') agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/840
(COM(2025)0462 – C10-0195/2025 – 2025/0258(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0462),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 133 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0195/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Samhain 2025[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má bhíonn sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Chun go mbeidh geilleagar an

[1] IO C 12.12.2025 de 12.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6697/oj.

Aontais slán agus iomaíoch is gá an euro a chosaint go daingean ar ghóchumadh, agus tá baint dhíreach aige sin le cuspóir an Aontais maidir le feidhmiú éifeachtúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a fheabhsú.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ós rud é go bhfuil gné shoiléir thrasnáisiúnta ag baint leis an airgeadra aonair Eorpach a chosaint mar earra poiblí, téann cosaint an euro níos faide ná leas agus freagracht Ballstát aonar. I bhfianaise chúrsaíocht thrasteorann an euro agus na dlúthbhainte atá ag coiriúlacht eagraithe idirnáisiúnta le góchumadh an euro, ba cheart creataí cosanta náisiúnta a chomhlánú le tionscnamh ón Aontas chun comhar náisiúnta agus idirnáisiúnta aonchineálach a áirithiú, agus chun dul i ngleic le rioscaí féideartha trasnáisiúnta éiritheacha. Dá bhrí sin, tríd an gclár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh a bhunú, tá an Rialachán seo riachtanach, oiriúnach agus iomchuí chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach. Leis an gClár, ba cheart comhar i measc na mBallstát agus idir an Coimisiún agus na Ballstáit a neartú go héifeachtúil, gan srian a chur ar chumas na mBallstát an euro a chosaint ar ghóchumadh. Tá údar le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais toisc gur léir go gcuidíonn sé le Ballstáit an euro a chosaint go comhpháirteach agus go spreagann sé úsáid struchtúr coiteann de chuid an Aontais chun comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla a mhéadú.	(5) Ós rud é go bhfuil gné shoiléir thrasnáisiúnta ag baint leis an airgeadra aonair Eorpach a chosaint mar earra poiblí, téann cosaint an euro níos faide ná leas agus freagracht Ballstát aonar***. Is é an t-airgead tirim in euro an t-aon mhodh íocaíochta atá inrochtana go huilíoch do gach saoránach, gan beann ar rochtain dhigiteach ná stádas baincéireachta, agus feidhmíonn sé mar ionstraim ríthábhachtach athléimneachta nuair a theipeann ar an mbonneagar íocaíochta leictreonaí. Braitheann a stádas dlíthairisceana ar shláine an airgeadra féin. Is ionsaí díreach ar an tsláine sin góchumadh lena bhforchuirtear caillteanais neamh-chúitithe ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí agus lena gcreimtear muinín san airgeadra aonair***. I bhfianaise chúrsaíocht thrasteorann an euro agus na dlúthbhainte atá ag coiriúlacht eagraithe idirnáisiúnta le góchumadh an euro, ba cheart creataí cosanta náisiúnta a chomhlánú le tionscnamh ón Aontas chun comhar náisiúnta agus idirnáisiúnta aonchineálach a áirithiú, agus chun dul i ngleic le rioscaí féideartha trasnáisiúnta éiritheacha. Dá bhrí sin, tríd an gclár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh a bhunú, tá an Rialachán seo riachtanach, oiriúnach agus iomchuí chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach. Leis an

gClár, ba cheart comhar i measc na mBallstát agus idir an Coimisiún agus na Ballstáit a neartú go héifeachtúil, gan srian a chur ar chumas na mBallstát an euro a chosaint ar ghóchumadh. Tá údar le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais toisc gur léir go gcuidíonn sé leis na Ballstáit an euro a chosaint go comhpháirteach agus go spreagann sé úsáid struchtúr coiteann de chuid an Aontais chun comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla a mhéadú.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***10***, Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle***11***, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle***12*** agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle***13***, tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939,	(9) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***10***, Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle***11***, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle***12*** agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle***13***, tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939,

féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois, éilliú agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois, éilliú agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú. ***Ba cheart a áirithiú go leanfaidh cur chun feidhme an Chláir de bheith comhsheasmhach agus comhlántach maidir le tionscnaimh institiúidí, gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus oifigí eile de chuid an Aontais, amhail an Banc Ceannais Eorpach, Europol agus Eurojust, go sonrach maidir le hoiliúint agus faisnéis a sholáthar faoi nótaí bainc euro góchumtha agus an Clár á chur chun feidhme.***

---

[10]Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj)

[11] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI:

[10] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj)

[11] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI:

http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[12]Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292,15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[13] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

[14] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[12] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292,15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[13] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

[14] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Ós rud é go n-aithnítear teo-phointí góchumtha euro i dtríú tíortha agus go bhfuil gné idirnáisiúnta méadaitheach ag baint le góchumadh an euro, ba cheart a mheas go bhfuil neartú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le húdaráis inniúla na dtríú tíortha sin bunriachtanach chun an euro a chosaint go héifeachtach agus ba cheart iad a spreagadh tuilleadh faoi chlár Pericles V.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chláir oibre a ghlacadh agus i dtaca leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1a]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
	[1a] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Gníomhaíochtaí incháilithe do mhaoiniú arb é is aidhm dóibh malartuithe faisnéise agus foirne, cúnaimh theicniúil agus eolaíoch agus oiliúna speisialaithe a chur chun cinn, is cuidiú mór iad chun airgeadra aonair an Aontais a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois a bhaineann le góchumadh agus, dá bhrí sin, ardleibhéal de chosaint choibhéiseach a áirithiú ar fud an Aontais, agus léiriú á thabhairt ag an am céanna ar chumas an Aontais dul i ngleic le coireacht eagraithe thromchúiseach. Chun go seasfaidh an Clár an aimsir, is gá an chothromaíocht a choinneáil ar bun idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú, agus an gá atá ann leanúint de bheith ag díriú ar bhagairtí atá ann faoi láthair agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear nótaí bainc dearaidh athraithe agus dáileadh góchumtha ar an idirlíon. Ba cheart a chumhdach freisin le gníomhaíochtaí incháilithe forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, mar atá bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don euro digiteach amach anseo, agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an intleacht shaorga agus deiseanna imscrúdaitheacha a sholáthraítear léi. Tá ceannach trealaimh atá le húsáid ag údaráis frith-ghóchumtha speisialaithe tríú tíortha chun an euro a chosaint ar ghóchumadh ríthábhachtach freisin chun foráil a dhéanamh maidir le cosaint leordhóthanach an euro i dtríú tíortha, ach i gcás ina gceannaítear trealamh, ba cheart an oiliúint is gá lena úsáid a bheith ag gabháil leis freisin. Dá bhrí sin, i gcás gníomhaíochta den chineál sin, níor cheart gurb é ceannach trealaimh an t-aon chomhchuid den ghníomhaíocht i gceist.	(12) Gníomhaíochtaí incháilithe do mhaoiniú arb éard is aidhm dóibh malartuithe faisnéise agus foirne, cúnaimh theicniúil agus eolaíoch agus oiliúna speisialaithe a chur chun cinn, is cuidiú mór iad chun airgeadra aonair an Aontais a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois a bhaineann le góchumadh agus, dá bhrí sin, ardleibhéal de chosaint choibhéiseach a áirithiú ar fud an Aontais, agus léiriú á thabhairt ag an am céanna ar chumas an Aontais dul i ngleic le ***coireacht eagraithe thromchúiseach. Is féidir le gníomhaíochtaí den sórt sin cabhrú freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus ar na naisc le sciúradh airgid agus*** coireacht eagraithe. Chun go seasfaidh an Clár an aimsir, is gá an chothromaíocht a choinneáil ar bun idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú, agus is gá leanúint de bheith ag díriú ar bhagairtí atá ann faoi láthair agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear nótaí bainc a bhfuil a ndearadh athraithe agus dáileadh góchumthaí ar an idirlíon. Ba cheart a chumhdach freisin le gníomhaíochtaí incháilithe forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, mar atá bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don euro digiteach amach anseo, agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an intleacht shaorga agus deiseanna imscrúdaitheacha a sholáthraítear léi***, amhail úsáid na hintleachta saorga chun íomhánna góchumtha a ghiniúint nó a chúbláil, córais bhraite uathoibrithe a sheachaint, agus cumais imscrúdaitheacha agus fhóiréinseacha a fheabhsú***. Tá ceannach trealaimh atá le húsáid ag údaráis frith-ghóchumtha speisialaithe tríú tíortha chun an euro a

	chosaint ar ghóchumadh ríthábhachtach freisin chun foráil a dhéanamh maidir le cosaint leormhaith an euro i dtríú tíortha, ach i gcás ina gceannaítear trealamh, ba cheart an oiliúint is gá lena úsáid a bheith ag gabháil leis freisin. Dá bhrí sin, i gcás gníomhaíocht den chineál sin, níor cheart gurb é ceannach trealaimh an t-aon chomhchuid den ghníomhaíocht atá i gceist.
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo an clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár ‘Pericles V’) (an ‘Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028-2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.	Bunaítear leis an Rialachán seo an clár um malartúmalartúcháin, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh ***agus ar bhagairtí eile a d’fhéadfadh a bheith ann*** (clár ‘Pericles V’) (an ‘Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028-2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir góchumadh agus ***calaois*** a bhaineann le góchumadh a chosc agus a chomhrac agus sláine an euro a chaomhnú, rud a neartaíonn muinín na saoránach agus na ngnólachtaí as iontaofacht an euro agus, dá bhrí sin, a rannchuidíonn le feidhmiú éifeachtach an euro a áirithiú, le cobhsaíocht fhioscach agus airgeadais san	Is é cuspóir ginearálta an Chláir ná góchumadh agus ***coireanna, lena n-áirítear sciúradh airgid,*** a bhaineann le góchumadh a chosc agus a chomhrac agus sláine an euro a chaomhnú, rud ***a chaomhnaíonn agus*** a neartaíonn muinín na saoránach agus na ngnólachtaí as iontaofacht an euro agus, dá bhrí sin, a rannchuidíonn le feidhmiú éifeachtach an

Aontas a choimirciú agus le húsáid idirnáisiúnta airgeadra aonair an Aontais le haghaidh trádála, seirbhísí airgeadais agus infheistíochta a chothú.	euro a áirithiú, le cobhsaíocht fhioscach agus airgeadais san Aontas a choimirciú agus le húsáid idirnáisiúnta an euro le haghaidh trádála, seirbhísí airgeadais agus infheistíochta a chothú.
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é cuspóir sonrach an Chláir an euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar ***chalaois*** a bhaineann le góchumadh, ***agus*** forbairtí ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** á gcur san áireamh ***freisin, amhail bagairtí nua agus*** bagairtí ***a d'fhéadfadh teacht chun cinn*** ar an euro digiteach amach anseo, ***agus*** bagairtí ***a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an intleacht shaorga agus na*** deiseanna imscrúdaitheacha a sholáthraítear léi. Déantar sin trí thacú leis na bearta a dhéanann Ballstáit agus trína chur leo, agus trí chúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnta agus d'údaráis inniúla an Aontais agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta agus malartú an chleachtais is fearr a fhorbairt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.	2. Is é cuspóir sonrach an Chláir an euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar ***choireanna, lena n-áirítear sciúradh airgid,*** a bhaineann le góchumadh. ***Leis an sain-chuspóir sin, beidh*** forbairtí ***atá ag teacht chun tosaigh*** á gcur san áireamh***, lena n-áirítear an méid seo a leanas:***
	(a) bagairtí ar an euro digiteach amach anseo***;***
	(b) bagairtí ***a bhaineann leis an intleacht shaorga lena n-áirítear brionnú arna chumasú ag an intleacht shaorga agus imghabháil córas braite le cúnamh na hintleachta saorga;***
	(c) deiseanna imscrúdaitheacha a sholáthraítear léi ***mar intleacht shaorga, lena n-áirítear uirlisí intleachta saorga a úsáid chun cumais fhóiréinseacha agus***

imscrúdaitheacha a neartú.

Déantar sin trí thacú leis na bearta a dhéanann na Ballstáit agus trína chur leo, agus trí chúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnta agus d'údaráis inniúla an Aontais agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta agus malartú an chleachtais is fearr a fhorbairt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.	1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin***, agus comhsheasmhacht á háirithiú agus dúbláil neamhriachtanach maidir le bearta ábhartha arna ndéanamh ag eintitis inniúla eile á seachaint, go sonrach an Banc Ceannais Eorpach, Europol agus Eurojust***.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Agus gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú faoin gClár á gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 agus leis an Iarscríbhinn, cuirfidh an Coimisiún san áireamh gníomhaíochtaí

	an Bhainc Ceannais Eorpaigh atá ann cheana agus atá beartaithe agus gníomhaíochtaí Europol agus Eurojust i gcoinne ghóchumadh an euro agus coireanna a bhaineann le góchumadh, lena n-áirítear sciúradh airgid.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 2 den Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.	1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 2 den Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár. ***Rachfar i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, le Europol agus le Eurojust maidir le haon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht faoin gClár de bhun mhír 5 sula gcuirfear an ghníomhaíocht sin chun feidhme.***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin gClár***, tá an méid seo a leanas***:	***Féadfar leis an gClár, faoi na coinníollacha a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 9, tacaíocht airgeadais a sholáthar do na gníomhaíochtaí seo a leanas***:

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) malartuithe agus scaipeadh faisnéise maidir leis na topaicí a liostaítear san Iarscríbhinn, go háirithe trí cheardlanna, cruinnithe agus seimineáir lena n-áirítear oiliúint, socrúcháin spriocdhírithe agus malartuithe foirne de chuid údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaíochtaí eile comhchosúla a eagrú;	(a) malartuithe agus scaipeadh faisnéise maidir leis na topaicí a liostaítear san Iarscríbhinn***, pointe (1)***, go háirithe trí cheardlanna, cruinnithe agus seimineáir lena n-áirítear oiliúint, socrúcháin spriocdhírithe agus malartuithe foirne de chuid údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaíochtaí eile comhchosúla a eagrú;

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an cúnamh teicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil is gá, mar a liostaítear san Iarscríbhinn;	(b) an cúnamh teicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil is gá, mar a liostaítear san Iarscríbhinn***, pointe (2)***;

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a chun an Iarscríbhinn a leasú maidir leis na topaicí a liostaítear san Iarscríbhinn, pointe (1), na cineálacha cúnaimh a liostaítear san Iarscríbhinn, pointe (2,) agus na grúpaí gairmiúla incháilithe a liostaítear san Iarscríbhinn, pointe (3).

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is le cláir ***oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509*** a chuirfear an Clár chun feidhme.	***1.*** Is le cláir ***oibre*** a chuirfear an Clár chun feidhme.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cláir oibre dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan amach.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, an Banc Ceannais Eorpach, Europol agus Eurojust, agus ionadaithe ón earnáil phríobháideach, sula nglacfaidh sé cláir oibre.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Déanfar na cláir oibre a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun na forbairtí atá ag teacht chun cinn a shonraítear in Airteagal 2(2) a chur san áireamh.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 9a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(7a) agus Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(7a) agus Airteagal 9 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, mar aon le hionadaithe ón mBanc Ceannais Eorpach, ó Europol agus ó Eurojust.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(7a) nó Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 9b
	Faireachán agus tuairisciú
	1. Leagtar amach táscairí chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn chlár Pericles V i dtreo ghnóthú an chuspóra shonraigh a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) …/… ó

	Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 'Rialachán Feidhmíochta']
	2. Áiritheofar leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) …/… [an 'Rialachán Feidhmíochta'] go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí an Chláir ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ar Bhallstáit.
	3. Cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla maidir le torthaí chlár Pericles V ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhanc Ceannais Eorpach, agus na táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a leagtar amach i Rialachán (AE) …/… [an 'Rialachán Feidhmíochta'] á gcur san áireamh agus áireofar iontu liosta de na gníomhaíochtaí cistithe, a mbuiséid, agus na heintitis rannpháirteacha;

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Beidh na malartuithe agus scaipeadh faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (a), dírithe***, i measc nithe eile,*** ar an méid seo a leanas:	(1) Beidh na malartuithe agus an scaipeadh faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (a), dírithe ar an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – pointe 1 – fleasc 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– an euro a chosaint lasmuigh den Aontas,	– an euro a chosaint lasmuigh den Aontas, ***agus cosc a chur ar nótaí bainc góchumtha agus boinn ghóchumtha a tháirgtear lasmuigh den limistéar euro a allmhairiú isteach san Aontas,***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Áireofar an méid seo a leanas ***go háirithe*** sa chúnamh teicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (b):	(2) Áireofar an méid seo a leanas sa chúnamh teicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (b):

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – pointe 3 – fleasc 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– saineolaithe ar an airgeadra digiteach agus ar bhlocshlabhraí, speisialtóirí cibearshlándála agus innealtóirí intleachta saorga agus meaisín-fhoghlama;

Or. en